



An Roinn Fiontar,  
Trádála agus Fostaíochta  
Department of Enterprise,  
Trade and Employment

# Dualgas na hEarnála Poiblí

## Measúnú Comhionannais agus Cearta Daonna 2025

## Clár na nÁbhar

<b>1. Réamhrá</b>	<b>3</b>
<b>2. Achoimre ar an Roinn</b>	<b>4</b>
2.1 Seirbhísí don Phobal	5
Oifigí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	7
2.2 Seirbhísí do Bhaill Foirne	8
2.3 Forbairt Beartais Phoiblí	10
<b>3. Próiseas Measúnaithe</b>	<b>12</b>
<b>4. Tuairisciú</b>	<b>14</b>
<b>5. Measúnuithe</b>	<b>15</b>
5.1 An tAonad Cumarsáidí	15
5.2 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí/Clárlann na gCara-Chumann/An Clár Úinéireachta Tairbhí	16
5.3 Aonad Beartais maidir le Cearta Fostaíochta (ERPU)	17
5.4 Aonad na gCeadanna Fostaíochta	19
5.5 An tAonad Acmhainní Daonna	20
5.6 Aonad TFC	22
5.7 Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (OMIÉ)	23
5.8 Aonad an Mhargaidh Inmheánaigh agus Seasmhachta Straitéiseach	24
5.9 An Chúirt Oibreachais	25
5.10 An tAonad Bainistíochta agus Tacaíochta Gnó	26
5.11 An tAonad Tacaíochta Bainistíochta	29
5.12 An tAonad Miondíola agus Fiontar Trádála Áitiúla	30
5.13 An tAonad Comhlíonta Trádála agus Gnó Freagrach	31
5.14 An tAonad Rialála Trádála agus Scagtha Infheistíochta	32
5.15 An Coimisiún um Chaidrimh san Áit Oibre	33

# 1. Réamhrá

Mar a leagadh amach inár Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe le haghaidh 2024-2026, tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tiomanta do chultúr cuimsithe, cothromais agus measa a spreagadh i leith gach ball foirne agus custaiméir de chuid na Roinne. Ba mhaith linn a chinntiú go mbeadh gach ball foirne cumhachtaithe chun barr a gcumais a bhaint amach, agus go mbeadh rochtain ar sheirbhísí, ar dheiseanna, agus ar fhorbairt gairme ar fáil ar chomhchéim do chách.

Faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* tá oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a mball foirne agus a n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint. Tugtar Dualgas na hEarnála Poiblí ar an oibleagáid seo.

Chun an Dualgas seo a chomhlíonadh, ní mór do chomhlachtaí poiblí:

- Measúnú a dhéanamh ar na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais a gcreideann siad go bhfuil baint acu lena bhfeidhmeanna.
- Aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin agus cur síos a thabhairt faoin gcaoi atá beartaithe acu dul i ngleic leis na ceisteanna sin ina bplean straitéiseach.
- Tuairisc a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil.

Is í an chéad chéim do chomhlachtaí poiblí lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Dualgas measúnú a dhéanamh ar aon cheisteanna cearta daonna agus comhionannais do dhaoine a mbaineann úsáid as a seirbhís agus dá mball foirne. Ullmhaítear an Measúnú seo i gcomhréir le hAlt 42 den Acht 2014 agus cuirtear na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhfuil baint acu le baill foirne agus le húsáideoirí seirbhíse na Roinne agus a hOifigí san áireamh leis.

## 2. Achoimre ar an Roinn

Tá an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh maidir le comhairle a thabhairt ar bheartais an Rialtais maidir le cumas táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a éascaíonn cruthú fostaíochta agus inbhuanaitheacht agus iad a chur i bhfeidhm. Tá sé de chúram ar an Roinn freisin iomaíocht chóir a chur chun cinn sa mhargadh, tomhaltóirí a chosaint agus oibríthe a chosaint. Ag obair lenár nOifigí agus Gníomhaireachtaí, clúdaíonn sainchúram na Roinne raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Ag cabhrú le fiontraithe agus le gnólachtaí fostaíocht d'ardchaighdeán a chruthú agus a chaomhnú ar fud gach réigiún.
- Tacú le GBManna agus le micrifhiontair chun cumas a thógáil agus chun athléimneacht agus iomaíochas costais a fheabhsú.
- Cur chuige uile-Rialtais a threorú chun timpeallacht iomaíoch a fhorbairt le haghaidh infheistíochta, táirgiúlachta agus poist inbhuanaithe.
- Beartas a dhírú chun cabhrú le fiontair astuithe carbóin agus úsáid acmhainní a laghdú, freastal ar chostais an dícharbónaithe, leas a bhaint as deiseanna an aistrithe go geilleagar ísealcharbóin agus chun scaradh ar fhás eacnamaíoch ó thomhaltas acmhainní a chumasú.
- Uaillmhian na hÉireann maidir le bheith ina ceannaire digiteach a bhaint amach agus idirbheartaíocht éifeachtach a dhéanamh ar rialacháin dhigiteacha an AE agus iad a chur i bhfeidhm agus trí thacú le haistriú digiteach fhiontar na hÉireann.
- Cabhrú le fiontraíocht chun tabhairt faoi thaighde agus nuálaíocht ar féidir leo poist ardchaighdeán a chothabháil agus a chruthú agus cur le sochaí níos fearr a thógáil.
- Fostaíocht ar ardchaighdeán a chur chun cinn, caidreamh dearfach san ionad oibre, meicníochtaí dea-fheidhmithe chun díospóidí a réiteach, timpeallachtaí sábháilte oibre agus cearta oibríthe a chosaint.
- A chinntiú go n-éascaíonn ár rialáil gnó infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe, iomaíocht sa mhargadh, ardchaighdeán cosanta tomhaltóirí agus rialachais chorparáidigh, agus go soláthraíonn sé buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh domhanda.
- Oibriú go huailmhianach ar fud an Rialtais lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun leasanna, tionchar agus luachanna na hÉireann inár saol comhroinnte a chur chun cinn.

Tá 635 ball foirne sa Roinn agus iad lonnaithe i Sráid Chill Dara, Sráid Dawson agus Ardán Phort an Iarla i mBaile Átha Cliath agus 392 ball foirne in sé Oifigí atá lonnaithe ar fud na tíre. Is iad seo a leanas Oifigí na Roinne:

- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO)
- An Chúirt Oibreachais

- Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (OMIÉ)
- An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC)
- Clárlann na gCara-Chumann (CCC)
- Clár Úinéireachta Tairbhí

Cuimsítear na hOifigí thuas sa mheasúnú seo.

Soláthraíonn na hOifigí thuas agus ár n-ocht ngníomhaireacht an chuid is mó de chlár agus seirbhísí na Roinne. Is comhlachtaí ar leith iad na gníomhaireachtaí, atá neamhspleách ina ndualgais, chun críocha an Achta CÉCDC. Mar chuid den mheasúnú seo, ardóimid feacht faoi Dhualgas na hEanála Poiblí i measc na ngníomhaireachtaí seo.

Mar a leagtar amach inár Ráiteas Straitéis 2024-2025, cothaíonn an Roinn cultúr freagrachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothromas, dínit agus meas. Mar Státseirbhísí, tá sé mar aidhm ag baill foirne na Roinne tacú leis na caighdeáin is airde de ghairmiúlacht, de mhacántacht, d'oibiachtúlacht agus de cháilíocht, a bhfuil baint lárnach acu le ról a chomhlíonadh lena mbaineann seirbhís don Rialtas, don chóras daonlathach agus don phobal.

I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht CÉCDC, tá an Roinn tiomanta maidir lena chinntiú go gcloíonn ár seirbhísí le riachtanais sna réimsí de chearta daonna agus comhionannas. Chomh maith leis sin, leanfaimid orainn maidir le meas a léiriú do chomhionannas, do chuimsiú agus do chearta daonna agus dá gcur chun cinn trí fhorbairt beartas agus clár agus tríd ár rannpháirtíocht ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim iltaobhacha.

## 2.1 Seirbhísí don Phobal

Tá ról srianta ag an Roinn maidir le seirbhísí don phobal a sholáthar, le roinnt mhaith dá seirbhísí á soláthar tríd a hOifigí agus a gníomhaireachtaí neamhspleácha. Mar is amhlaidh le Ranna eile, tá feidhm cumarsáide corparáidí agus seirbhísí do chustaiméirí againn, agus faigheann Oifigí an Aire agus na nAírí Stáit comhfhreagras laethúil ó bhaill den phobal. Tá ról ag Rannóg Ceadanna Fostaíochta na Roinne maidir le seirbhísí a sholáthar d'fhostaithe agus d'iarrthóirí atá ag lorg ceadanna fostaíochta agus tá roinnt bealaí soláthair seirbhíse breise ann lena n-áirítear i gceadúnú trádála agus trí Phointe Teagmhála Aonair na hÉireann agus an tseirbhís SOLVIT.

Tá ról ag na sé Oifigí de chuid na Roinne maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal agus cuimsítear iad sa mheasúnú seo.

Leagtar amach torthaí an mheasúnaithe seo agus na gníomhartha a mbaineann leo i gcuid a cúig den doiciméad seo agus clúdaítear na réimsí seo a leanas leo:

- Faigheann **Oifigí Príobháideacha an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochtaí agus na nAirí Stáit** comhfhreagras agus glaonna ar bhonn laethúil ó bhaill den phobal. Cinntíonn siad go dtugtar freagra don chomhfhreagras poiblí uile in am trátha agus léirítear tuiscint chothrom agus chomhionann do gach duine a dhéanann teagmháil leis an oifig.
- Tá an **tAonad Seirbhísí Gnó** freagrach as cóiríocht na mball foirne agus caomhnaíonn siad na trí fhoirgneamh RFTF - Sráid Chill Dara, Ionad Phort an Iarla agus Sráid Dawson. Déanann siad gach iarracht réasúnta maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san ionad oibre de gach ball foirne agus cuairteoir ar fhoirgnimh na Roinne a chinntiú agus le cinntiú go bhfuil na foirgnimh inrochtana go fisiciúil i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus i gcomhréir leis an Acht um Mhíchumas 2005.
- Tá an **tAonad Cumarsáide Corparáidí** freagrach as feidhmíocht na Roinne maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí. Tá an Roinn tiomanta d'éiteas seirbhísí do chustaiméirí agus léirítear é seo sa Phlean Gníomhaithe maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí, an Chairt Chustaiméara agus rannpháirtíocht i Líonra na Státseirbhíse maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí ar Ardchaighdeán.
- Tá an **tAonad um Beartas Cearta Fostaíochta** freagrach as a chinntiú go mbíonn sraith beartas agus reachtaíochta maidir le cearta fostaíochta an Stáit láidir, ábhartha agus oiriúnach don fheidhm atá leis agus go ndéantar é a nuashonrú ar mhaithe le forbairtí idirnáisiúnta ag leibhéal AE/CBAE/EIS a léiriú. Bíonn ról lárnach ag an reachtaíocht a fhorbraíonn siad maidir le deiseanna ar chomhchéim a chinntiú d'fhostaithe san áit oibre trí tuarastail leordhóthanacha, socruithe cothroma maidir le ham oibre, teidlíochtaí maidir le saoire breoiteachta, socruithe maidir le hobair sholúbtha agus tuilleadh a sholáthar.
- Riarann **Rannóg na gCeadanna Fostaíochta** córas na gceadanna fostaíochta chun fostaíocht neamhnáisiúnach-EAA in Éirinn a éascú. Níl oifig phoiblí ag Rannóg na gCeadanna Fostaíochta ach bíonn Ionad Glaonna á fheidhmiú aici le haghaidh ceisteanna agus tá tairseach idirghníomhach thiomanta ar líne aici le haghaidh iarratas agus ceisteanna. Caomhnaíonn an rannóg cuntas ríomhphoist tiomanta le haghaidh aiseolais ar an bpróiseas ar líne nó le haghaidh tráchtanna nó ceisteanna eile agus feidhmíonn sí é i gcomhréir leis an gCairt Chustaiméara RFTF.
- Cruthaíonn agus forbraíonn **Aonad an Mhargaidh Inmheánaigh** beartas náisiúnta ar cheisteanna a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair, le béim shonrach ar an Margadh Aonair i Seirbhísí. Déanann siad maoirseacht ar Threoir Seirbhísí an AE in Éirinn agus déanann siad oibríochtaí de chuid roinnt uirlisí rialachais Mhargadh Aonair an AE a bhainistiú, amhail IMI, SOLVIT, agus an Pointe Teagmhála Aonair. Cloíonn an t-aonad le treoir an AE maidir le soláthar a chuid seirbhísí. Soláthraíonn SOLVIT seirbhís ar líne neamh-idirdhealaitheach, atá saor in aisce le húsáid chuig gach saoránach agus gnólacht de chuid an AE le cinntiú go gcomhlíonann údarais phoiblí a gcearta trasteorann.
- Soláthraíonn an **tAonad Miondíola agus Fiontar Trádála Áitiúla** scéimeanna tacaíochta fiontar agus forbairt bheartas don earnáil Fiontair Trádála Áitiúla, chomh maith leis an bhFóram Fiontar agus Miondíola a réachtáil – ar ghrúpaí pháirtithe leasmhara iad beirt.

- Soláthraíonn an **tAonad um Rialáil Trádála agus Scagadh Infheistíochta** seirbhísí in dhá réimse ar leith: ag feidhmiú mar an Údarás Náisiúnta Inniúil maidir le Rialuithe Onnmhairithe agus mar an Pointe Teagmhála Náisiúnta maidir le Scagadh Infheistíochta. Cuireann an tAonad bearta AE agus náisiúnta i bhfeidhm chun cosc a chur ar iomadú na nArm Ollscriosta; chun tacú le cobhsaíocht réigiúnach; agus chun cearta daonna a chosaint. Soláthraíonn siad seirbhísí trí thairseach ar líne agus seoladh ríomhphoist tiomanta chun freagairt le ceisteanna.
- Comhordaíonn an **tAonad maidir le Comhlíonadh Trádála agus Gnó Freagrach** ar thionscnaimh maidir le gnó freagrach a thagann faoi shainordú an RFTF. Cuimsítear leis seo Rúnaíocht don Fhóram maidir le Gnó Freagrach agus an Grúpa Teagmhála maidir le Gnó Freagrach a chur ar fáil, chomh maith le seimineáir ghréasáin a mbaineann leis an topaic a eagrú. Comhlíonann an tAonad ról na hÉireann mar an Pointe Teagmhála Náisiúnta (PTN) i dtaca le Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Innáisiúnta maidir le hlompar Gnó Freagrach, agus meicníocht neamhspleách, neamhbhreithiúnach á soláthar aige maidir le neamhchomhlíonadh líomhnaithe na dtreoirlínte de chuid MNEanna Éireannacha nó MNEanna atá ag feidhmiú in Éirinn. Tá bearta inrochtana i bhfeidhm le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí agus bíonn fáil ar sheirbhísí aistriúcháin le haghaidh cásanna PTN.

## OIFIGÍ NA ROINNE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA

- Tá an **Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO)** freagrach as faisnéis a sholáthar do bhaill den phobal, comhairle maidir leis an áit oibre, eadráin, comhréiteach, breithniú, cigireacht agus forfheidhmiú maidir le cearta fostaíochta, ábhair a bhaineann le comhionannas agus comhchéim agus caidreamh tionsclaíoch. Tá Cairt thiomanta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí ag an CCÁO ina gcuimsítear gealltanais faisnéis a sholáthar i bhfíoréal simplí, soiléir agus, chomh fada agus is féidir, i bhformáid lena gcomhlíontar riachtanais na gcustaiméirí. Tá an CCÁO tiomanta maidir lena chinntiú go gcomhlíonann a spásanna poiblí agus seomraí cruinnithe caighdeáin gairme agus sábháilteachta agus, mar chuid de seo, rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumais agus daoine eile a bhfuil riachtanais shonracha acu. Tá Oifigeach Rochtana ag an CCÁO chun cabhair bhreise a shocrú do dhaoine faoi mhíchumais a mbaineann úsáid as a sheirbhísí agus a bhfreastalaíonn ar a imeachtaí. Ina chuid gnóthaí le custaiméirí, cinnteoidh an CCÁO go gcloítear leis an gceart chun córa comhionainne do chách a bhunaítear leis an reachtaíocht chomhionannais.
- Feidhmíonn an **Chúirt Oibreachais** mar bhinse caidrimh tionsclaíocha, ina dtugtar éisteacht den dá thaobh i gcás éigin agus a n-eisíonn Moladh (nó Dearbhú/Cinneadh/Ordú, ag brath ar chineál an cháis) ina leagtar amach a tuairim ar an aighneas agus na téarmaí ar ar cheart é a shocrú. Is féidir a fheidhmeanna a roinnt idir na cinn maidir le hábhair a bhaineann le caidrimh tionsclaíocha agus na cinn maidir le hachomhairc a chinneadh ar cheisteanna i dtaca le cearta fostaíochta. Tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do chumarsáid éifeachtach le gach custaiméir agus déanann sí a dícheall le cinntiú go dtugtar gach cabhair agus is féidir do chustaiméirí maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na seirbhísí a sholáthraítear. Tá Oifigeach Rochtana na Cúirte Oibreachais freagrach as cabhair agus treoir a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumais le gur féidir leo rochtain a fháil, a mhéid agus is féidir, ar raon iomlán na seirbhísí a sholáthraítear. Ina theannta sin, feidhmíonn an tOifigeach Rochtana mar

phointe teagmhála le haghaidh daoine faoi mhíchumais a bhfuil comhairle á lorg acu ar raon ceisteanna, lena n-áirítear an chaoi is fearr le rochtain a fháil ar a foirgnimh, chomh maith le foilseacháin i bhformáidí malartacha.

- Is é **Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (OMIÉ)** an comhlacht rialtais oifigiúil in Éirinn atá freagrach as Maoine Intleachtúil (MI) lena n-áirítear paitinní, dearáí, trádmharcanna agus cóipcheart. Féachann an OMIÉ le seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar dá custaiméirí, agus feidhmíonn sí ionad glaonna, bosca isteach ríomhphoist le haghaidh ceisteanna, leabharlann phoiblí agus seirbhís faisnéise óna hoifigí gCill Chainnigh. Tá Oifigeach Rochtana ag an OMIÉ chun feidhmiú mar phointe teagmhála le haghaidh daoine faoi mhíchumais a bhfuil comhairle á lorg acu ar réimse ceisteanna, lena n-áirítear an chaoi is fearr chun rochtain a fháil ar a foirgneamh, chomh maith le raon foilseachán i bhformáidí malartacha ar féidir iad a chur ar fáil. Dearadh agus tógadh suíomh gréasáin OMIÉ ag féachaint do na treoirlínte a leagtar amach sna Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhar Gréasáin de chuid an Tionscnaimh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (TIG).
- Is é an **Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC)** an stór lárnach d'fhaisnéis reachtúil phoiblí ar chuideachtaí, ainmneacha gnólachtaí agus comhpháirtíochtaí teoranta Éireannacha. Feidhmíonn siad Aonad Faisnéise tiomanta, a sholáthraíonn seirbhís tosaigh do chustaiméirí a dhéanann teagmháil leis an Oifig trí ghuthán, phost agus ríomhphost.
- Is é **Clárlann na gCara-Chumann (CCC)** an stór lárnach d'fhaisnéis reachtúil phoiblí le haghaidh Cumann Tionscail agus Coigiltis, Cara-Chumann, agus Ceardchumann. Caomhnaíonn CCC clár poiblí na n-aighneachtaí reachtúla a chomhdaíonn gach ceann de na cineálacha eintiteas seo a bhfuil gá leo i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.
- Is é an **Clár Úinéireachta Tairbhiúla (CÚT)** an stór lárnach d'fhaisnéis reachtúil phoiblí ar gá a bheith i seilbh eintitis ábhartha (eintiteas corparáideach nó dlíthiúil a corpraíodh sa Stát) maidir leis na daoine nádúrtha arb iad a n-úinéirí/rialtóirí tairbhiúla, lena n-áirítear sonraí faoi na leasanna tairbhiúla atá ina seilbh acu.
- Tá Cairt Chustaiméara agus Oifigeach Rochtana i bhfeidhm ag an **OCC, CCC agus CÚT** uile. Aithníonn siad uile an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn a suíomhanna gréasáin inrochtana ag cách agus tá siad tiomanta do leibhéal comhréireachta Dhá A ar a laghad a bhaint amach leis na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhar Gréasáin de chuid an Tionscnaimh maidir le hInrochtaineachta Gréasáin (TIG). Cuireann gach ceann den trí eagraíocht fáilte roimh chártaí JAM.

## 2.2 Seirbhísí do Bhaill Foirne

Soláthraítear seirbhísí do bhaill foirne sa Roinn trí na haonaid den Rannóg maidir le Seirbhísí Corparáideacha go príomha, ina gcuimsítear an tAonad Acmhainní Daonna, an tAonad Tacaíochta Bainistíochta agus Gnó, an tAonad Airgeadais, an tAonad TFC, agus an tAonad Cumarsáidí Corparáideacha. Agus iad ag tabhairt faoin sainordú, oibreoidh na haonaid den Rannóg maidir le Seirbhísí Corparáideacha chun cearta daonna na mball foirne a chosaint agus chun comhionannas deiseanna agus córa



comhionainne na mball foirne a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar chóiríocht, chórais TF agus ar threalamh, ar theicneolaíochtaí cabhracha, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt, ar dheiseanna soghluaisteachta inmheánacha agus seachtracha, ag tabhairt faoi chleachtais earcaíochta, comórtais inmheánacha a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh ar chórais a bhaineann le bainistíocht feidhmíochta san áireamh. Suíonn an ceannasaí de gach ceann de na foirne seo ar an nGrúpa Oibre maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉ agus C), an grúpa atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha inár Straitéis Cé agus C agus lena gcur chun cinn.

Leagtar amach tiomantas na Roinne do Dhualgas na hEarnála Poiblí inár Ráiteas maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉ agus C) agus an Straitéis lena mbaineann araon. Leis sin, nedaítear comhionannas agus meas maidir le cearta daonna inár mbealach oibre. Leis an Straitéis Cé agus C, leagtar amach ár bplean chun cultúr cuimsithe, cothromais agus measa a bhaint amach do na baill foirne agus na custaiméirí uile de chuid na Roinne. Bainfear an fhís seo amach trí ghníomhaíochtaí faoi cheithre sprioc straitéiseacha: cultúr dearfach tacaíochta agus cuimsitheachta a bhaint amach san ionad oibre; baill foirne a bhfuil ardscileanna acu maidir le héagsúlacht a bhainistiú; comhionannas deiseanna don fhoireann ar fad, agus comhionannas i rochtain ar sheirbhísí dár gcustaiméirí.

Mar eagraíocht, aithnímid gurb iad ár ndaoine an tsócmhainn is mó atá againn agus tá sé mar aidhm againn an tallann a theastaíonn chun clár straitéiseach na Roinne a sheachadadh a mhealladh agus a choinneáil. Ba mhaith linn a chinntiú go gcuirfí fáilte roimh gach ball foirne sa Roinn seo, go gcumasófaí baill foirne le barr a gcumais a bhaint amach, agus go mbeadh rochtain ar sheirbhísí, ar dheiseanna, agus ar fhorbairt gairme ar fáil ar chomhchéim do chách. Bainteach leis an aidhm sin, faoin mbeartas maidir le Dínit san Áit Oibre de chuid na Státseirbhíse, tá sé de dhualgas ar gach ball foirne dá n-iompar i mbealach inghlactha agus measúil.

I gcomhréir le luachanna na Státseirbhíse, tá an Roinn tiomanta go láidir do chomhionannas deiseanna ina cleachtais fostaíochta uile. Cabhraíonn tacaíocht maidir le forbairt gairme, cleachtais ardaithe céime cothroma agus trédhearcacha i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP), agus socruithe oibre solúbtha maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe ar fud saolré a ngairmeacha a chinntiú. Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, dearbhaítear cearta reachtúla na mball foirne agus ní bheidh aon duine thíos le cóir is lú fabhar mar gheall ar inscne, stádas sibhialta nó teaghlaigh, aois, claonadh gnéis, míchumas, cine, reiligiún nó ballraíocht le pobal an Lucht Siúil.

Tá Oifigeach Idirchaidrimh maidir le Míchumas ag an Roinn chun fostaíocht na ndaoine faoi mhíchumais a chur chun cinn sa Roinn agus chun tacaíocht a thabhairt léi. Glacann baill foirne na Roinne páirt i gcláir sheachtracha go rialta chun tacú le comhionannas maidir le deiseanna gairme do dhaoine faoi mhíchumais (e.g. WAM

(clár Meantóireachta Toilteanach, Cumasach), OWL (Clár Oibre agus Foghlama an Oireachtais).

Agus é bunaithe i mí Iúil 2023, oibríonn Foireann Chultúr Eagraíochtúla na Roinne chun cultúr eagraíochtúil láidir, comhoibríoch a chothú chun muintearas agus nascacht a chruthú, borradh a chur faoi spreagadh, agus tallann a fhorbairt. Tugtar faoina cuid oibre faoi scáth an chuimsithe agus na rannpháirtíochta, agus trí Straitéis maidir le Cultúr Corparáideach Roinne a sholáthar, tugtar soiléiriú sa bhreis ar luachanna i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí.

## 2.3 Forbairt Beartais Phoiblí

Tá an Roinn páirteach i bhforbairt agus cur i bhfeidhm beartais an rialtais maidir le fiontair agus fostaíocht. Áirítear leis seo roinnt forbartha beartais atá ábhartha faoi na haidhmeanna cearta daonna agus comhionannais de chuid Dualgais na hEarnála Poiblí, go háirithe sna réimsí de chearta fostaíochta, trádála, agus cearta gnó agus daonna.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn dul i gcomhairle ar bheartas i mbealach atá cuimsitheach agus inrochtana, ag féachaint do Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le cearta daonna a chur chun cinn agus leithcheal a dhíothú. Chun bonn eolais a thabhairt do dhéanamh beartas, téann an Roinn i mbun rannpháirtíochta go minic le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile trí ghrúpaí idir-rannacha, Coistí Comh-Aireachta agus Grúpaí Oifigigh Sinsearaí lena mbaineann. Is gné ríthábhachtach d'obair forbartha beartas na Roinne é comhairliúchán na bpáirtithe leasmhara, áirítear leis seo fóraim na bpáirtithe leasmhara amhail an Fóram Miondíola, an Fóram Fiontar, an Fóram Fostaitheora Oibreachais Eacnamaíocha, agus an Fóram maidir le Gnó Freagrach a fhorbairt agus freastal orthu. Déanann an Roinn a dícheall le cinntiú go mbíonn imeachtaí na bpáirtithe leasmhara cuimsitheach agus inrochtana.

Téann an Roinn i mbun comhairle leis an bpobal freisin trí chomhairliúcháin oscailte a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, lena n-éascaítear léargais níos leithne agus lena gcinntítear gurb ann don chuimsiú agus d'inrochtaineacht. Cloíonn faisnéis a bhfuil fáil uirthi ar an suíomh gréasáin, [enterprise.gov.ie](http://enterprise.gov.ie), le treoirínte maidir le foilsiú gréasáin lena n-áirítear inrochtaineacht, agus leanann an Roinn léi maidir leis an éileamh le haghaidh rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú a chur chun cinn. Tá an Roinn tiomanta do Bhéarla simplí a úsáid sna cumarsáidí uile.

Is gné ríthábhachtach de dhéanamh beartas sa Roinn iad measúnuithe tionchair maidir le beartas poiblí. Sa chomhthéacs sin, áirítear sonraíochtaí maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an tionchar atá ag rialacháin ar chomhionannas, chuimsiú sóisialta agus ghrúpaí leochaileacha sna Treoirínte maidir le hAnailís ar Thionchar Rialála (ATR), a ngabhann le faomhadh reachtaíochta. Agus tograí beartais á n-ullmhú nach mbaineann ceanglas ATR leo, ní mór go gcuimsítear measúnú ar thionchar an togra maidir le Caidrimh Thuaidh-Theas, Thoir-Thiar, Fostaíocht, Comhionannas Inscne,

daoine atá thíos le bochtaineacht nó eisiámh sóisialta nó a bhfuil baol ann gurb amhlaidh a bheidh siad, Daoine faoi Mhíchumais, costais Tionscail, costais Státchiste, pobail Tuaithe agus go gcuirí tionchair chomhshaoil san áireamh i Meamraim an Rialtais.

Glacann an Roinn páirt i ngrúpaí tras-rialtais chun feabhas a chur ar chomhionannas agus ar ionadaíocht do ghrúpaí faoi na naoi bhforas, amhail comh-cheannaireacht a thabhairt d'fhorbairt an philéir fostaíochta den Straitéis Náisiúnta Míchumais, grúpa Straitéise an Lucht Siúil/na Romach agus an grúpa oibre don Straitéis Cuimsithe Náisiúnta LADTA+. Suíonn an Roinn ar an ngrúpa comhairleach don Chreat WIDE (Cuimsiú an Mhíchumais i bhFostaíocht a Leathnú), atá á fhorbairt chun tacú le fostóirí bacainní a laghdú maidir le daoine faoi mhíchumas a n-earcú, a gcoinneáil, agus ardú céime a thabhairt dóibh, agus chun timpeallachtaí oibre níos cuimsithí a chruthú.

### 3. Próiseas Measúnaithe

Le linn 2023 agus 2024, d'fhorbair an Roinn a céad Ráiteas CÉ agus C (a foilsíodh Feabhra 2023) agus ár gcéad Straitéis CÉ agus C (a foilsíodh Meitheamh 2024). Agus na doiciméid bheartais thábhachtacha sin a fhorbairt, reáchtáladh roinnt comhairliúcháin agus measúnaithe ar ábhair a bhaineann le CÉ agus C i RFTF, lena n-áirítear:

- Comhairliúcháin ar an Ráiteas CÉ agus C, inar tugadh deis do na baill foirne uile tuairimí a roinnt.
- Measúnú ar ár mbeartais agus ár nósanna imeachta ar thug Ionad na hÉireann um Éagsúlacht faoi, a chuir moltaí ar fáil le go dtabharfaí aghaidh orthu inár Straitéis.
- Suirbhé CÉ agus C ar thug Ionad na hÉireann um Éagsúlacht faoi - cuimsíodh leis seo roinnt ceisteanna maidir le soláthar seirbhíse ach díriodh ar eispéireas/thuairimí na mball foirne leis.
- Mar chuid de na comhairliúcháin ar an Straitéis CÉ agus C, tugadh deis do na baill foirne uile a dtuairimí a roinnt tríd an suirbhé, agus bunaíodh dhá ghrúpa oibre ball foirne freisin: ceann amháin d'aonaid ghnó a bhfuil baint acu leis an straitéis, agus ceann eile do bhaill foirne deonacha ar mhian leo a gcion a dhéanamh ar bhonn spéise nó taithí saoil i dtaca le ceisteanna CÉ agus C.

Mar chuid d'fhorbairt na Straitéise thuas, bunaíodh Grúpa Oibre CÉ agus C chun an Straitéis a chur chun cinn agus a sholáthar agus chun tuiscint níos leithne, níos dearfaí maidir le ceisteanna CÉ agus C a neadú i measc bhall foirne uile na Roinne. Tá sa Ghrúpa Oibre sin ceannairí sinsearacha a bhfuil feidhm phoiblí ag baint lena bhfoirne gnó, nó a bhfuil ról lárnach acu maidir leis an Straitéis a chur i bhfeidhm, amhail ár bhfoirne Seirbhísí Corparáideacha, in éineacht le baill foirne ar spéis leo CÉ agus C. Is é an Leas-Rúnaí Seirbhísí Corparáideacha cathaoirleach an ghrúpa seo agus bíonn siad ag teacht le chéile chun gníomhartha a chur chun cinn agus chun tuairisc ar dhul chun cinn a dhéanamh. Agus an measúnú seo maidir le Dualgas na hEanála Poiblí á fhorbairt, rinne an Grúpa Oibre CÉ agus C a mhachnamh ar chur chuige molta maidir le soláthar, ar aontaigh tacaíocht a thabhairt le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEanála Poiblí mar chuid dá ról.

Agus an measúnú seo á chur i gcrích, glacadh na céimeanna seo a leanas:

1. Athbhreithniú deasc-bhunaithe ar sheirbhísí RFTF do bhaill foirne agus do chustaiméirí, lena sainaithníodh aonaid ábhartha chun páirt a ghlacadh i measúnú agus i mbeartais reatha.
2. Cuireadh an Grúpa Oibre CÉ agus C ar an eolas faoin gcur chuige molta maidir le measúnú, lean n-áirítear aonaid rannpháirteacha agus an teimpléad a mbainfí úsáid as sa mheasúnú.
3. Eisíodh teimpléid mheasúnaithe agus treoracha do na haonaid ábhartha.

4. Ardú feasachta ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus an measúnú ar tugadh faoi. Áiríodh leis seo eolas faoi inlíon roinne agus cuir i láthair chuig cuid de na hOifigí RFTF agus grúpaí inmheánacha ábhartha.
5. Cuireadh an t-ábhar a fuarthas le chéile i ndoiciméad measúnaithe, ar mhaithe le hathbhreithniú ag an nGrúpa Oibre CÉ agus C.
6. Ullmhaíodh an dréacht deiridh agus scaipeadh é ar mhaithe le tuilleadh machnaimh agus faomhadh ó na haonaid rannpháirteacha.
7. Scaipeadh é chuig an mBord Bainistíochta ar mhaithe le faomhadh agus le cead foilsithe.

## 4. Tuairisciú

Leagfar amach i Ráiteas Straitéise nua na Roinne an cur chuige a glacadh maidir leis an measúnú ina mbeidh gníomhartha sainaitheanta ar mhaithe le gníomh leantach le linn tréimhse na Straitéise.

Cuimseofar monatóireacht ar dhul chun cinn agus ar chomhlíonadh leanúnach i gCreat Comhlíonta agus próiseas Tuairiscithe Bliantúla na Roinne.

Leanfaidh an Grúpa Oibre CÉ agus C leis ag teacht le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le gníomhartha faoin Straitéis CÉ agus C agus an Measúnú PSD.

---

## 5. Measúnuithe

### 5.1 An tAonad Cumarsáidí

#### Cur Síos Gairid ar an Obair

Is é cuspóir an Aonaid Cumarsáidí Corparáideacha tacú lenár Roinn maidir le soláthar a cuspóirí straitéiseacha a chur in iúl, mar a leagtar amach ina Ráiteas Straitéise.

#### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

I measc na réimsí machnaimh maidir le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais san Aonad Cumarsáide, tá:

- Suíomh Gréasáin: [enterprise.gov.ie](http://enterprise.gov.ie)
- Ábhar digiteach
- Ag dul i mbun cumarsáide sna cainéil uile ag baint úsáide as friotal simplí

#### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Tugtar achoimre maidir lenár n-uailmhian go gcinntítear go mbíonn rochtain iomlán ar ár seirbhísí inár [gCairt agus Plean Gníomhaithe maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí](#). Glacaimid cur chuige réamhghníomhach chun eolas atá soiléir, tráthúil agus cruinn a sholáthar, a bhfuil fáil air ar fud na bpointí teagmhála uile faoi seach agus lena gcomhlíontar riachtanais na ndaoine a bhfuil riachtanais shonracha acu.

Cinntimid go mbaintear leas iomlán as an gcumas a chuirtear ar fáil le teicneolaíocht faisnéise agus go gcloíonn an t-eolas atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin [enterprise.gov.ie](http://enterprise.gov.ie) le treoirlínte maidir le foilsiú gréasáin lena n-áirítear inrochtaineacht.

Leanaimid linn leis an éileamh ar rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú a chur chun cinn.

Ní chuirimid ach ábhar digiteach a bhfuil fotheidil iomlána leis ar fáil, agus muid ag smaoineamh faoi cheisteanna inrochtana dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta acu agus faoi éascaíocht tuisceana dóibh siúd nach cainteoirí dúchais iad.

Is modh cumhachtach é friotal simplí chun ábhar a sholáthar atá soiléir, simplí agus éasca a thuiscint do lucht féachana leathan. Tá ball sinsearach den Fhoireann Cumarsáidí mar chuid den oiliúint maidir le friotal simplí faoi láthair mar chuid de chur chun cinn an Rialtais i dtreo feabhas a chur ar inrochtaineacht agus béim a leagan ar fhriotal simplí.

#### Bearnaí a sainithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí feabhas a chur ar chomhlíonadh iomlán ar ár suíomh gréasáin le [IR Uimh 358 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh \(Inrochtaineacht ar Shuíomhanna Gréasáin agus ar Fheidhmchláir Móibíleacha de chuid Comhlachtaí na hEarnála Poiblí\) 2020](#).

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí dár gcoinneáil cothrom le dáta leis an dul chun cinn is déanaí i réimse na hinrochtaineachta trí theicneolaíocht a úsáid agus trí mhodhanna maidir le friotal simplí a chur i bhfeidhm.

#### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

Cuirfear tuilleadh oiliúna feasachta agus treorach ar fáil do bhaill foirne maidir le hinrochtaineacht agus friotal simplí a úsáid.

## 5.2 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí/Clárlann na gCara-Chumann/An Clár Úinéireachta Tairbhí

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Is é an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) an stór poiblí d'eolas faoi chuideachtaí, ainmneacha cuideachtaí agus comhpháirtíochta teoranta in Éirinn. Déanann OCC cuideachtaí a chorprú agus faigheann sí comhdaithe ó chuideachtaí maidir le nuashonruithe reachtúla, amhail tuairisceáin bhliantúla, athruithe stiúrthóirí/rúnaithe etc. Cuirtear an t-eolas uile a fhaightear in OCC ar fáil don phobal.

Cuireann Clárlann na gCara-Chumann (CCC) feidhmeanna comhchosúla le OCC i gcrích i dtaca le Cumainn Tionscail agus Coigiltis, Cara-Chumainn agus Ceardchumainn.

Caomhnaíonn an Clár Úinéireachta Tairbhí (CÚT) clár d'úinéirí tairbhiúla chuideachtaí agus chumainn tionscail agus coigiltis. Ní chuirtear eolas a chomhdú le CÚT ar fáil don phobal ach bíonn sé ar fáil d'údaráis inniúla agus do chomhlachtaí ainmnithe áirithe amhail bainc atá ag dul i mbun chaidreamh gnó le cuideachtaí agus cumainn a bhfuil a sonraí cláraithe le CÚT.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

- Seirbhísí a sholáthar d'ionadaithe cuideachta, baill den phobal agus gairmithe ar mhian leo comhdú leis an oifig nó rochtain a fháil ar eolas.
- An dualgas caitheamh le gach custaiméir ar chomhchéim.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá seirbhísí na hOifige ar fáil do chách (seachas an cumas an CÚT a chuardach a bhfuil srian dlíthiúil air).

Cuireann an oifig fáilte roimh JAM agus tá cairt chustaiméara i bhfeidhm chun déileáil le ceisteanna a ardaíonn custaiméirí.

Nuashonraíodh na suíomhanna gréasáin do gach ceann de na hOifigí go luath in 2024 agus anois comhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha maidir le hinrochtaineacht.

### Bearnaí a saináithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

Tugadh formhór na mball foirne sna hOifigí faoi oiliúint JAM le míonna beaga anuas ach d'fhéadfaí go mbeadh gá le hoiliúint a sholáthar do bhaill foirne faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí go ginearálta.

D'fhreastail baill foirne ag HEO agus níos airde ar chur i láthair faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí lena cuireadh lena bhfeasacht ar an gceist.

### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

Leanfaimid linn maidir le hoiliúint agus feasacht a chur chun cinn i measc na mball foirne le cinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí.



## 5.3 Aonad Beartais maidir le Cearta Fostaíochta (ERPU)

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Tá an tAonad Beartais maidir le Cearta Fostaíochta freagrach as a chinntiú go mbíonn sraith beartais agus reachtaíochta fostaíochta an Stáit láidir, ábhartha agus oiriúnach dá feidhm i gcónaí agus go nuashonraítear í chun forbairtí idirnáisiúnta ag leibhéal an AE/CBAE/ILO a léiriú. Faoi láthair, tá an t-aonad i gceannas ar bheartas ar na píosaí reachtaíochta seo a leanas:

- An tAcht um Shaoire Bhreitheachta 2022
- An tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí) 2022
- An tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018
- An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973
- An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta 1977
- An tAcht um Íoc Pá 1991
- An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003
- An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) 2012

Tá ról lárnach ag na hachtanna reachtúla sin maidir le deiseanna ar chomhchéim a chinntiú d'fhostaithe san áit oibre trí thuarastail leordhóthanacha, socruithe amanna oibre cothroma, teidlíochtaí tinnis bhreitheachta, socruithe oibre solúbtha agus tuilleadh a sholáthar.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Cuirfear ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais san áireamh agus na beartais agus an reachtaíocht nua uile a fhorbairt ag an Roinn, go háirithe na cinn a d'fhéadfaí go mbeadh drochthionchar acu ar chearta na n-oibrithe. Is é ról an rannóg WREM, agus go háirithe ERPU, a chinntiú go bhfuil cosaintí san áit oibre láidre i bhfeidhm lena gcuirtear cosc ar chaitheamh le fostaithe i mbealach míchothrom nó idirdhealaitheach. Dá réir sin, déanann an rannóg machnamh leordhóthanach i gcónaí ar na torthaí diúltacha d'oibrithe a n-eascaíonn as forbairtí beartais.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

- Rannpháirtíocht rialta le páirtithe leasmhara ionadaithe na bhfostaithe e.g. ceardchumann, Fóram Eacnamaíoch na bhFostóirí Oibreachais.
- A chinntiú go dtarraingítear aird ar chaitheamh go cothrom le baill foirne agus ar a bhfolláine mar thosaíocht eagraíochtúil i ngach foilseachán seachtracha, e.g. straitéisí, cumarsáidí sna meáin.

- Trí bhéim a leagan ar an tionchar ar fhostaithe, (go háirithe cohórt na mac léinn ar phá íseal agus uaireanta páirtaimseartha) atá ag obair i bhfostaíocht neamhsheasmhach agus na beartais agus na cláir mhóra de chuid na roinne a fhorbairt.

### **Bearnaí a sainaitníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh**

Ós rud é go mbíonn tionchar díreach ar gach oibrí ag an reachtaíocht uile a thagann faoi shainordú ERPU, tugann an t-aonad luach don chumas dul i mbun rannpháirtíochta leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis seo, agus tá iniúchadh á dhéanamh aige maidir le cé acu an mbeadh ann d'aon deiseanna breise lenar féidir le hoibrithe dul i mbun rannpháirtíochta díri leis an lucht déanamh beartas

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

- A chinntiú go mbaintear úsáid as na modhanna uile chun glacadh le haiseolas díreach uathu siúd a mbíonn tionchar ag beartas agus reachtaíocht maidir le cearta fostaíochta orthu.
- Monatóireacht a dhéanamh ar aiseolas custaiméirí agus torthaí ó shuirbhéanna maidir le sástacht custaiméirí na Státseirbhíse a roinnt (Pointe Gníomhaíochta sa Straitéis CÉ agus C).
- Inrochtaineacht na faisnéise a chuirtear in iúl don phobal trínár suíomhanna Gréasáin a chinntiú. (Pointe Gníomhartha sa Straitéis CÉ agus C).

## 5.4 Aonad na gCeadanna Fostaíochta

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Feidhmíonn RFTF córas bainistíochta maidir le ceadanna fostaíochta lena n-uasmhéadaítear na buntáistí a bhaineann le himirce eacnamaíoch agus lena n-íoslaghdaítear an riosca go gcuirfí isteach ar mhargadh saothair na hÉireann. Tá an córas faoi stiúir folúntas agus á thiomáint ag riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair. Déantar an córas a bhainistiú trí oibriú na Liostaí Scileanna Criticiúla agus Slite Beatha Neamh-incháilithe a rianaíonn ganntanas agus barrachas scileanna in Éirinn agus sa LEE.

Déanann Aonad na gCeadanna Fostaíochta (CF) iarratais a phróiseáil maidir le ceadanna fostaíochta ó fhostóirí (thart ar 90%) agus náisiúnaigh tríú tír. Oibríocht ardéilimh phoiblí atá ann (eisíodh breis is 39,000 cead in 2024).

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Cuireann an tAonad CF seirbhís phoiblí ar fáil, mar sin, ba cheart inrochtaineacht a chur san áireamh agus soláthar eolais chuig úsáideoirí seirbhíse agus rannpháirtíocht leo a mheas. Ós rud é gur náisiúnaigh tríú tír iad cohórt suntasach de na húsáideoirí seirbhíse, d'fhéadfaí go mbeadh gá le machnamh speisialta a dhéanamh faoin bhac teanga nuair a dhéileáiltear le custaiméirí chun inrochtaineacht chomhionann ar á seirbhísí a chinntiú.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Tugann baill foirne san aonad faoi oiliúint ábhartha e.g. oiliúint JAM (Fan Nóiméad) agus

cúrsaí	oiliúna	ábhartha	eile.
--------	---------	----------	-------

Baintear úsáid as Béarla simplí a mhéad agus is féidir i gcomhfhreagras chuig úsáideoirí seirbhíse agus féachann an t-aonad go seasta d'fheabhas a chur ar a dteicnící soláthair eolais. Tá lúb aiseolais inmheánaigh agus seachtraigh ann chun tacú leis an bpróiseas atriallach seo.

### Bearnaí a sainithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

D'fhéadfaí go mbeadh gá le machnamh a dhéanamh faoi eolas ar shuíomh gréasáin na gCeadanna Fostaíochta agus i gcumarsáidí díreacha (ríomhphoist, litreacha) a chur ar fáil i dteangacha eile, i gcás inar féidir.

### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

- Oiliúint leanúnach a chur chun cinn ar fud na foirne maidir le ceisteanna cearta daonna agus comhionannais,
- Leanúint lena chinntiú go mbíonn seirbhísí cuimsithe,
- Leanúint le feabhsuithe seirbhíse a chur i bhfeidhm bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí seirbhíse – náisiúnaigh tríú tír go háirithe,
- Dul i mbun rannpháirtíochta réamhghníomhaí le húsáideoirí seirbhíse a bhfuil riachtanais speisialta acu,
- Dul i mbun rannpháirtíochta le Ranna Rialtais eile maidir le haitheantas a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil fostaíocht á lorg acu in Éirinn,
- Leanúint le bheith ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an nós imeachta aon iarratas amháin a chur i bhfeidhm chun ceadanna fostaíochta agus víosaí imirce a chlúdach leis na castachtaí riaracháin a laghdú agus a éascú d'iarrthóirí.

## 5.5 An tAonad Acmhainní Daonna

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Tá an tAonad AD freagrach as riachtanais acmhainne na Roinne agus as daoine aonair agus bainisteoirí a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Chun feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís do chustaiméirí táimid tiomanta do dhul i mbun rannpháirtíochta ar fud na Roinne agus a hoifigí trí chórais atá ann cheana amhail; pleanáil an lucht saothair, pleananna foghlama agus forbartha, forbairt beartais AD.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

- Earcaíocht
- Ardú céime/comórtais
- Cásanna maidir le caidrimh fostaithe
- Rochtain ar dheiseanna foghlama agus forbartha (F agus F) agus forbairt proifisiúnta/gairme
- Imeacht na mball foirne.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Leagtar amach inár Ráiteas CÉ agus C an chaoi a gcinntimid go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí tríd ár ngníomhaíochtaí agus ár gcaidrimh le baill foirne. Áirítear leis seo:

- Cloíonn comórtais earcaíochta agus ardaithe céime arna mbainistiú ag an Roinn leis an gCód Cleachtas maidir le Ceapachán sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí agus bíonn siad cothrom, trédhearcach, bunaithe ar thuill, agus treoraithe ag na príonsabail de chomhionannas, éagsúlacht, agus cuimsiú.
- Tá Oifigeach tiomanta Idirchaidrimh Mhíchumas i bhfeidhm ag an Roinn chun tacú le fostaithe a bhfuil freastal réasúnta á lorg acu. Glacann an Roinn páirt i roinnt tionscnamh a thacaíonn le fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumais.
- Lenár dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta, ligtear do shaoire athracha agus saoire pháirtí chomh maith le gnáthshaoire máithreachais, saoire uchtaithe agus briseadh lachtaidh gan aon phá a chailleadh nó aon choigeartú ar uaireanta oibre i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha. Chomh maith leis sin, ligtear do shaoire atruach agus chleithiúnaí chun déileáil le héigeandálaí baile trí bheartais láraithe na státseirbhíse.
- Tá oiliúint dírithe ar CÉ agus C ar fáil do na baill foirne uile.
- Foilsítear na deiseanna oiliúna uile go forleathan ar Inlín na Roinne, ar ríomhphoist agus tríd an gCóras Bainistíochta Foghlama chuig na baill foirne ábhartha uile.
- Tá oiliúint sa chlaonadh neamh-chomhfhiosach mar chuid d'oiliúint agallóirí.
- Tá beartais inmheánacha maidir le roghnúchán, oiliúint, ardú céime agus cleachtas fostaíochta faoi réir athbhreithnithe le cinntiú go gcomhlíonann siad an Ráiteas CÉ agus C.
- Cuirtear gach ball foirne ar an eolas faoin mbeartas agus faoi na hoibleagáidí maidir le Dínit ag an Obair
- Próisis Smachtaithe, Casaoide agus Dínit ag an Obair a mbaintear úsáid astu chun athbhreithniú agus imscrúdú a dhéanamh ar aon ghearáin maidir le leithcheal, ciapadh nó tromaíocht.

### Bearnaí a sainithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

- Gá le tuilleadh feasachta i measc na mball foirne maidir leis an reachtaíocht chomhionannais agus beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le Dínit ag an Obair
- Gá le tuilleadh tacaíochtaí do bhaill foirne faoi mhíchumais agus a mbainisteoirí
- Gá le measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar imeacht na mball foirne.

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

Leagtar amach pleananna inár Straitéis CÉ agus C chun comhlíonadh a chinntiú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí. Áirítear leis seo:

- Sraith cumarsáidí le cinntiú go dtuigeann baill foirne beartais amhail Dínit ag an Obair, agus an reachtaíocht Chomhionannais
- Leanúint le clár F agus F d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí a mbaineann le feasacht CÉ agus C i rith na bliana, lena n-áirítear oiliúint tráth ionductaithe
- Tacú le tuilleadh bainisteoirí chun tabhairt faoi oiliúint maidir le Bainistíocht Chuimsitheach
- Taighde domhain déanta chun na cúiseann lenár mBearna Pá Inscne agus dul chun cinn gairmréime ban san RFTF a thuiscint.
- Tionscadal an Chárta JAM a sholáthar chun feasacht ar mhíchumas a ardú
- Ról an Oifigigh Idirchaidrimh Mhíchumais a leathnú
- Nós imeachta maidir le hagallamh imeachta a chur i bhfeidhm.

## 5.6 Aonad TFC

### **Cur Síos Gairid ar an Obair**

Seirbhísí TFC a sholáthar do bhaill foirne RFTF, chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus don phobal. D'fhéadfaí go n-áireofaí le seirbhísí crua-earra, bogearra agus Deasc Cabhrach TFC a sholáthar do bhaill foirne RFTF. Chomh maith leis sin, déanann an tAonad TFC córais ghnó agus suíomhanna gréasáin a n-úsáideann baill foirne inmheánacha agus an pobal a fhorbairt agus a chaomhnú, agus tacaíonn siad leo.

### **Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh**

Baineann na príomh-ímní cearta daonna de chuid na nAonad TFC le tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne faoi mhíchumais éagsúla agus le hinrochtaineacht a chur le córais ghnó agus suíomhanna gréasáin.

### **Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí**

Soláthróidh an tAonad TFC teicneolaíochtaí cabhracha do bhaill foirne, lena n-áirítear léitheoirí scáileáin, bogearra formhádúcháin scáileáin, monatóir ar tháille oiriúnach agus méarchláir agus luchóga eirgeanamáiocha, ach iarratas a dhéanamh.

Forbraítear agus déantar tástáil ar chórais suímh ghréasáin agus ghnó chun caighdeáin inrochtaineachta a leagtar amach le Treoir Inrochtaineachta Gréasáin an AE a chomhlíonadh.

### **Bearnaí a sainaitníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh**

Is próiseas leanúnach é feabhas a chur ar chomhlíonadh le Treoir Inrochtaineachta Gréasáin an AE.

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

Tá tástáil inrochtaineachta leanúnaí á cur i gcrích ag soláthraí iniúchtaí inrochtaineachta tríú páirtí speisialaithe.

Leanfaidh an tAonad TFC leis freisin a chion a dhéanamh i dtaca le forbairt beartas na Roinne maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí sa réimse comhionannais agus chearta daonna, i gcás inar iomchuí.

## 5.7 Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (OMIÉ)

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Tá OMIÉ freagrach as cearta maoine intleachtúla a dheonú agus a chlárú in Éirinn, cearta paitinne, trádmhairc agus dearthaí tionsclaíocha go sonrach. Riarann an Oifig clárú agus tuairisciú comhlíonta de chuid chomhlachtaí ceadúnaithe trádmhairc freisin, chomh maith le heolas a sholáthar faoi chearta maoine intleachtúla.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Faigheann OMIÉ comhfhreagras agus glaonna gutháin ó pháirtithe ar bhonn laethúil. Cinntíonn OMIÉ nach mbíonn aon bhall den phobal, nó aon pháirtí leasmhar eile, thíos le leithcheal ina gcuid caidreamh leis an Oifig faoi aon cheann de na forais chosanta: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, míchumas, aois, cine, reiligiún agus ballraíochta de phobal an Lucht Siúil. Léiríonn OMIÉ an chóir comhionann lena baill foirne uile.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

I measc na meicníochtaí atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíonann OMIÉ a ndualgais na hearnála poiblí, tá:

- Na riachtanais mar a leagtar amach iad san *Acht Míchumais 2005* a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Oifigeach inrochtana OMIÉ a cheapadh, lena gcuimsítear athbhreithnithe sláinte agus sábháilteachta rialta ar an oifig ar mhaithe le rochtain éasca a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas.
- Dualgas na hEarnála Poiblí a chumhdaítear sa *Phlean Gníomhaithe maidir le Seirbhís do Chustaiméirí 2023-2025* le tuairimí ó úsáideoirí agus ó pháirtithe leasmhara.
- Beartas na Státseirbhíse maidir le dínit san áit oibre, tromáocht, ciapadh agus ciapadh gnéis a chosc a chur i bhfeidhm le haghaidh fostaithe OMIÉ.
- Tá suíomh gréasáin OMIÉ go hiomlán inrochtana agus comhlíonann sé an *Cód Cleachtais maidir le hinrochtaineacht Seirbhísí agus Faisnéise Poiblí a sholáthraíonn Comhlachtaí Poiblí*, lena gcinntítear gur féidir le gach custaiméir rochtain a fháil ar ár seirbhísí ar líne uile.
- Is eagraíocht í OMIÉ ina gcuirtear fáilte roimh JAM agus tá oiliúint JAM curtha i gcrích ag gach duine de bhaill foirne OMIÉ
- Tá oiliúint maidir le seirbhís do chustaiméirí faighte ag baill foirne de chuid an ionaid faisnéise le cinntiú go ndéileáiltear le baill den phobal le cúirtéis agus go proifisiúnta agus go bhfuil siad ar an eolas faoina n-oibleagáidí faoin *Acht um Stádas Comhionann, 2000*.
- Tá Pleananna maidir le hÉigeandáil Phearsanta (PEEPS) ar leith i bhfeidhm le haghaidh ball foirne agus cuairteoirí arb eol go bhfuil riachtanais soghluaisteachta agus bhreise acu.
- Tacaíocht do chomhghleacaithe a bhaineann leis an bpobal LADTA+ tríd an mBrat Bróid a thaispeáint san Oifig.
- Tá baill foirne ar an eolas faoina dteidlíochtaí agus a n-oibleagáidí faoin *Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998*.

### Bearnaí a sainithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

A chinntiú go bhfaigheann gach ball foirne nua an oiliúint iomchuí maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chomh maith le hoiliúint a sholáthar do gach ball foirne atá ann cheana.

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

An infhaighteacht a bhaineann leis an réimse leathan cúrsaí oiliúna CÉ agus C iomchuí le haghaidh baill foirne OMIÉ a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuimseofar é mar chuid de phlean oiliúna foriomlán OMIÉ ag dul chun tosaigh.

## **5.8 Aonad an Mhargaidh Inmheánaigh agus Seasmhachta Straitéiseach**

### **Cur Síos Gairid ar an Obair**

Cruthaíonn agus forbraíonn Aonad an Mhargaidh Inmheánaigh beartas náisiúnta ar ábhair a bhaineann le Margadh Aonair na hEorpa, le béim shonrach ar an Margadh Aonair i Seirbhísí. Déanaimid maoirseacht ar chomhlíonadh in Éirinn le Treoir Seirbhísí an AE agus bainistimid na hoibríochtaí de chuid roinnt uirlisí rialachais a bhaineann le Margadh Aonair an AE, amhail IMI, SOLVIT, agus an Pointe Teagmhála Aonair.

### **Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh**

Is córas réitithe fadhbanna neamhfhoirmiúil é SOLVIT lena ndéantar iniúchadh ar éilimh de chuid saoránach agus gnólachtaí an LEE go ndearnadh a gcearta maidir leis an Margadh Aonair a shéanadh mar gheall ar mhí-úsáid dlí an AE ag údarás poiblí de chuid Bhallstát eile, agus iarann siad réiteach a fháil ar a leithéid. Tá Ionaid SOLVIT i ngach Ballstát de chuid an LEE, agus oibríonn na hIonaid seo go dlúth lena chéile agus lena n-údarais áitiúla faoi seach chun réiteach neamhfhoirmiúil a lorg ar fhadhbanna a ardaíodh. Tá Pointe Teagmhála Aonair na hÉireann (PTA) lonnaithe in Aonad an Mhargaidh Aonair de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is tairseach gréasáin saincheaptha é an PTA, agus is é an príomhról atá aige eolas ginearálta a sholáthar maidir leis na nósanna imeachta a n-éilítear le haghaidh gnólachtaí Éireannacha agus cinn de chuid an AE a bhfuil sé beartaithe acu feidhmiú in Éirinn.

### **Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí**

- Chuir Coimisiún na hEorpa ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh oiliúint ar fáil.
- Soláthraíonn SOLVIT seirbhís ar líne neamh-idirdhealaitheach, atá saor in aisce le húsáid chuig gach saoránach agus gnólacht de chuid an AE le cinntiú go gcomhlíonann údarais poiblí a gcearta trasteorann. Tá sé mar aidhm ag SOLVIT gach cás a réiteach faoi cheann 10 seachtaine.
- Le roinnt míonna anuas, tá an tAonad ag dul i mbun rannpháirtíochta leis an Aonad TFC agus an chuideachta seachtrach forbartha bogearra pTools chun comheadan eispéiris úsáideora (UI) agus dearadh eispéiris úsáideora (UX) de shuíomh gréasáin PTA a nuashonrú chun rochtain ar eolas cruinn agus cothrom le dáta a chinntiú lena mbaineann béim ar inúsáidteacht agus ar inrochtaineacht.

### **Bearnaí a sainithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh**

Tá gá le hoiliúint chárta JAM do bhaill foirne san aonad, chomh maith le tuilleadh oiliúna amhail an cúrsa maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar OneLearning.



### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

- Leanúint le rannpháirtíocht ghníomhach in oiliúint a chuireann Coimisiún na hEorpa ar fáil. Cuirfidh na baill foirne oiliúint chárta JAM i gcrích agus cuirfidh duine amháin den bhaill foirne ar a laghad cúrsa One Learning ar Chomhionannas agus Cearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí i gcrích.
- Dul i mbun rannpháirtíochta leis an gCoimisiún, Ionaid SOLVIT náisiúnta eile agus údaráis phoiblí agus Ranna Rialtais Éireannacha le cinntiú go láimhseáiltear cásanna le dínit agus le meas agus in am trátha.
- Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar shuíomh PTA nua agus é a nuashonrú le cinntiú go gcomhlíonainn sé caighdeáin inrochtaineachta, leis an aidhm go mbainfear caighdeán AA amach faoi threoirínte WCAG 2.1.

## **5.9 An Chúirt Oibreachais**

### **Cur Síos Gairid ar an Obair**

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais mar bhinse caidrimh tionsclaíocha, ina dtugtar éisteacht den dá thaobh i gcás éigin agus a n-eisíonn Moladh (nó Dearbhú/Cinneadh/Ordú, ag brath ar chineál an cháis) ina leagtar amach a tuairim ar an aighneas agus na téarmaí ar ar cheart é a shocrú.

### **Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh**

Soláthraítear seirbhísí na Cúirte Oireachtais i gcomhréir leis na creata reachtúla agus beartais uile. Cé gur oifig phoiblí í an Chúirt Oibreachais go príomha, cinntíonn sí freisin go soláthraítear na caighdeáin arda chéanna i dtaca le Comhionannas etc. a chuireann sí ar fáil don phobal do gach duine den bhaill foirne freisin.

### **Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí**

Tá na seirbhísí uile de chuid na Cúirte Oibreachais ar fáil don phobal gan srian ar bith. Tá bearta inrochtaineachta i bhfeidhm tríd a hOifigeach Inrochtaineachta.

Tá Cairt Chustaiméara i bhfeidhm agus tá athbhreithniú uirthi dlite don tréimhse 2025 go 2027. Leis seo, ligtear d'athruithe dá cur chuige maidir le riachtanais chustaiméirí a mbíonn ag athrú.

### **Bearnaí a saináithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh**

Soláthraítear oiliúint ag an obair. Mar sin féin, tá oiliúint shonrach sa réimse Comhionannais agus Éagsúlachta (lena n-áirítear néara-éagsúlacht) á saináithint faoi láthair le haghaidh baill foirne Riaracháin agus Comhaltaí na Cúirte araon.

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

Mar atá thuas. Tá infheistiú á dhéanamh freisin i gcláir fotheidealaithe IS lena ligtear le soláthar níos réidhe do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu.

## 5.10 An tAonad Bainistíochta agus Tacaíochta Gnó

Lena gcuimsítear Aonad na Sócmhainní Seasta, an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta, an tAonad Bainistíochta Áiseanna agus Seirbhísí, Aonad Chultúr na hEagraíochta, an tAonad Comhordaithe Soláthair, an tAonad Bainistíochta Taifead, Gníomh ar son na hAeráide.

### Cur Síos Gairid ar an Obair

An tAonad Tacaíochta Bainistíochta (déileáiltear leis an bhfeidhm Rialachais ag 5.11):

- Rúnaíocht éifeachtúil a sholáthar don Ardrúnaí agus don Bhord Bainistíochta agus tacaíocht a thabhairt d'oifigí na nAirí agus an AR.
- Bainistíocht agus maoriseacht ar bhainistíocht riosca agus comhairliúchán.
- Rialachas Corparáideach RFTF, an beartas Nochtaí Cosanta, an tAcht um Brústocaireacht, agus Dáileadh feidhmeanna a bhainistiú.

Aonad Chultúr na hEagraíochta:

- Clár imeachtaí corparáideacha inmheánacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Straitéisí Cultúir agus Nuálaíochta RFTF a threorú.
- Rannpháirtíocht maidir le gníomhaíochtaí leasaithe lárnacha RFTF a chomhordú lena n-áirítear Seachtain Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí, suirbhé CSEES.

Bainistiú Áiseanna agus Sláinte agus Sábháilteacht:

- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na Roinne a threorú.
- Áiseanna agus riachtanais cóiríochta agus cinn ghaolmhara a bhaineann le seirbhís a bhainistiú sna 3 phríomhfhoirgneamh de chuid na Roinne.
- Comhlíonadh na Roinne le reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta a chinntiú.

Bainistíocht Sócmhainní Seasta, Soláthair agus Taifead:

- Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil ar Chláir Sócmhainní agus Conarthaí na Roinne.
- Plean Soláthair Corparáideacha na Roinne a chur chun feidhme chomh maith le comhairle a sholáthar d'aonaid soláthair.
- Maoriseacht a dhéanamh ar Bheartas agus Straitéis maidir le Bainistíocht Taifead.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Tá tuiscint ar an ngá a bhaineann leis na hAchtanna um Stádas Comhionann a chomhlíonadh mar bhonn eolais d'obair agus soláthar seirbhíse an Aonaid.

Go ginearálta, díríonn obair an Aonaid Tacaíochta Bainistíochta agus Gnó ar a bheith ag freastal ar chustaiméirí inmheánacha, i.e. baill foirne RFTF. Sa chaoi seo, oibríonn an tAonad le cinntiú go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtacaítear leo agus go dtéitear i gcomhairle leo mar is ceart ar cheisteanna a bhaineann le soláthar seirbhíse.

Déileálann codanna áirithe den Aonad e.g. baill foirne seirbhísí agus fáiltithe agus oifigí na nAirí le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear an pobal ar bhonn rialta. Sa chaoi seo, táthar ag súil go gcloíonn baill foirne leis na 12 phrionsabal maidir le cáilíocht seirbhíse do chustaiméirí le haghaidh custaiméirí agus cliaint de chuid na seirbhíse poiblí.

Tá spriocanna Aonaid Chultúrtha na hEagraíochta fite fuaite le Straitéis Cáilíochta, Éagsúlachta agus Cuimsithe na Roinne; tugtar faoina chuid oibre faoi scáth an chuimsithe agus na rannpháirtíochta, atá lárnach do chultúr cuimsithe, cothromais agus measa a bhaint amach do gach ball foirne agus custaiméir de chuid na Roinne.

### **Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí**

I gcomhréir le Cairt Chustaiméara RFTF, dearbhaíonn gach aonad na cearta i dtaca le caitheamh comhionann le daoine a bunaíodh le reachtaíocht chomhionannais, agus freastalaíonn siad ar an éagsúlacht, ar mhaithe le cion a dhéanamh don chomhionannas na ngrúpaí a chlúdaítear faoin reachtaíocht chomhionannais. Cuirtear an cur chuige céanna i bhfeidhm maidir le bheith ag déileáil le custaiméirí seachtracha. Baineann na haonaid úsáid as teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar mhaithe leis an t-uasmhéid rochtana agus rogha a chinntiú, mar aon le cáilíocht an tsoláthair seirbhíse.

Mar a bhaineann sé le rochtain fhisiciúil le haghaidh custaiméirí inmheánacha agus seachtracha, oibríonn an tAonad Bainistíochta Áiseanna agus Sláinte agus Sábháilteachta chun bacainní i dtaca le rochtain ar sheirbhísí a dhíothú le haghaidh daoine atá thíos le bacainní fisiciúla i dtaca le seirbhísí. Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad seo oifigí poiblí ar fáil atá glan agus inrochtana agus lena gcinntítear príobháideachtas, lena gcomhlíontar caighdeáin gairme agus sábháilteachta agus, mar chuid de seo, lena n-éascaítear rochtain le haghaidh daoine faoi mhíchumais agus daoine eile a bhfuil riachtanais shonracha acu.

Táthar ag súil go soláthrófar gach Aonad seirbhísí maithe le cúirtéis, tuiscint agus an t-íosmhéid moille, lena gothaítear timpeallacht chomh-mheasa idir an tAonad agus an custaiméir.

Cuireann an Roinn fáilte roimh chártaí JAM gus táthar ag súil go mbeadh oiliúint JAM curtha i gcrích ag baill foirne.

Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cothromas agus meas leis an gcairt de chuid Fhoireann na nAonad, agus baineann béim ar sholáthar le haghaidh custaiméirí léi.

Mar chuid den phróiseas PMDS bliantúil, déanann bainisteoirí agus baill foirne machnamh ar an oiliúint iomchuí a bhfuil gá léi le cinntiú go bhfuil soláthar seirbhíse i gcomhréir le Cairt Chustaiméara, agus straitéis CÉ agus C na Roinne, chomh maith le Dualgas na hEarnála Poiblí.

### **Bearnaí a saináithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh**

Ba cheart go méadófaí feasacht ar Dhualgas na hEarnála Poiblí. Mar chuid den phróiseas PMDS déanfaidh Bainisteoirí san Aonad measúnú ar an bhfeasacht maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí agus ar an gcaoi ar féidir le comhlíonadh na mball foirne ina leith a fheabhsú. Bainfidh na baill foirne leas as oiliúint iomchuí, leanfaidh siad leo maidir lena chinntiú go mbíonn seirbhísí inrochtana agus beidh siad réamhghníomhach i dtaca le bheith ag dul i mbun rannpháirtíochta leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

Cuirfidh an tAonad Bainistíochta agus Tacaíochta Gnó na nithe seo a leanas i gcrích:

- Leanfaidh siad leo ag obair le baill foirne seirbhíse tosaigh chun pleananna oiliúna saincheaptha a fhorbairt le haghaidh ball foirne

- Leanfaidh siad leo le monatóireacht rialta a dhéanamh ar oifigí poiblí na Roinne le cinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin gairme agus sábháilteachta, agus go bhfuil áiseanna oiriúnacha i bhfeidhm do na custaiméirí uile
- Leanfaidh siad leo maidir lena chinntiú go mbíonn an t-eolas uile a sholáthraíonn an Roinn soiléir, tráthúil, cruinn agus inrochtana dár gcustaiméirí uile.
- Caomhnóidh siad ár gCairt Foirne i gcomhréir le prionsabail CÉ agus C agus le Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna.

## 5.11 An tAonad Tacaíochta Bainistíochta

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Soláthraíonn an tAonad Tacaíochta Bainistíochta seirbhís comhordaithe lárnacha don Roinn ar raon leathan beartas agus ceisteanna. Áirítear leis seo freagracht maidir le ceisteanna rialachais, Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Straitéise na Roinne. Tá ról ag an aonad freisin treoirínite agus comhairle a sholáthar maidir le ceisteanna rialachais do na hAonaid Idirchaidrimh de chuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Cinntítear go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí trí na nithe seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna na Roinne.
- Aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo sa Ráiteas Straitéise.
- Tuairisc a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil.

Ina theannta sin, tá ról ag an aonad maidir le feasacht ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú in Oifigí RFTF tríd an nGrúpa Oibre CÉ agus C agus i nGníomhaireachtaí RFTF trí Aonaid Gníomhaireachta Idirchaidrimh RFTF.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Déanann an t-aonad a dhícheall a chuid oibre a chur i gcrích i gcomhréir le riachtanais na hearnála poiblí agus leis an oibleagáid maidir le caitheamh comhionann; e daoine a chinntiú i leith ball foirne agus úsáideoirí seirbhíse. Tá Cairt Foirne i bhfeidhm.

Níl aon ionadaíocht (ag leibhéal PO) ar an nGrúpa Oibre CÉ agus C. Tá rochtain ag baill foirne ar oiliúint CÉ agus C a chuireann an tAonad Foghlama agus Forbartha ar fáil. Foilsítear ráiteas ar Dhualgas na hEarnála Poiblí sa Ráiteas Straitéise.

### Bearnaí a saináithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

Bíonn gá le measúnú ar na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna na Roinne a chur i gcrích chun riachtanais an Achta IHREC a chomhlíonadh ina n-iomlána. Tá gá le tuairisciú feabhsaithe ar an PSD sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá gá le feasacht ardaithe ar an PSD in Oifigí agus Gníomhaireachtaí RFTF.

### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

- Tabharfar faoi mheasúnú ar na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna na Roinne agus foilseofar é.
- Feasacht a ardú ar an PSD in Oifigí RFTF tríd an nGrúpa Oibre CÉ agus C.
- Feasacht a ardú ar an PSD i nGníomhaireachtaí RFTF trí Fhóram i dtaca le hAonaid Gníomhaireachta Idirchaidrimh.
- Friotal ar an PSD a chuimsiú i gComhaontuithe Feidhmíochta agus Soláthair Feidhmíochta Gníomhaireachta agus Meamram Tuisceana na hOifige.
- Tuairisciú PSD feabhsaithe i dTuarascálacha Bliantúla RFTF ó thuarascáil 2024 ar aghaidh.

## 5.12 An tAonad Miondíola agus Fiontar Trádála Áitiúla

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Scéimeanna tacaíochta fiontar a sholáthar, beartas a fhorbairt don earnáil Fiontar Trádála Áitiúla, agus an Fóram Fiontar a reáchtáil.

Le cuspóir an Fhórait Miondíola, cumasaítear plé ar phríomhcheisteanna a bhfuil baint acu leis an earnáil miondíola, d'fhonn gníomhartha praiticiúla a shainathint ar féidir leis an Rialtas, nó leis an tionscal ann féin, tabhairt fúthu chun tacú leis an earnáil le béim ar leith ar mhéadú post inbhuanaithe a bhaint amach san earnáil.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

- Ba cheart go mbeadh aon chumarsáidí le gnólachtaí inrochtana (e.g. margaíocht, foirmeacha cláraithe, sleamhnáin chur i láthair).
- Ba cheart go mbeadh seomraí cruinnithe inrochtana.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Bíonn rochtain ag cách ar sheirbhísí/ reáchtáiltear cruinnithe sa Roinn agus éascaítear rannpháirtíocht ar líne.

### Bearnaí a sainithníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

N/B

### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

Leanúint le cinntiú go bhfuil cumarsáidí inrochtana

## 5.13 An tAonad Comhlíonta Trádála agus Gnó Freagrach

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Déanann an taobh Gnó Freagrach den aonad comhordú ar thionscnaimh maidir le gnó freagrach a thagann faoi scáth RFTF. Cuimsítear leis seo Rúnaíocht a chur ar fáil don Fhóram maidir le Gnó Freagrach agus an Grúpa Teagmhála maidir le Gnó Freagrach inmheánach, chomh maith le seimineáir a bhaineann leis an topaic a eagrú.

Chomh maith leis sin, comhlíonann an tAonad ról na hÉireann mar an Pointe Teagmhála Náisiúnta (PTN) do na Treoirínte OECD le haghaidh Fiontar Innáisiúnta maidir le hlompar Gnó Freagrach. Le PTN Éireann, cuirtear na Treoirínte agus an dícheall cuí lena mbaineann chun cinn, agus soláthraítear meicníocht casaoide neamhspleáiche, neamhbhreithiúnaí i dtaca le neamh-chomhlíonadh líomhnaithe ar na Treoirínte de chuid MNEanna Éireannacha nó MNEanna atá lonnaithe in Éirinn.

Chomh maith leis sin, tacaíonn an tAonad le DFA maidir leis an dara Plean Gníomhaithe Náisiúnta ar Ghnó agus Cearta Daonna.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

- Imeachtaí eolais agus cruinnithe a óstáil, le hoifigigh RFTF agus príomhpháirtithe leasmhara araon.
- Seisiúin eadrána a óstáil le haghaidh cásanna a nglactar leo mar chuid dár n-obair mar PTN na hÉireann.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Bearta inrochtaineachta i bhfeidhm le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí. Seirbhísí aistriúcháin a fáil le haghaidh cásanna PTN. Liostáiltear cuimsiú agus macántacht mar phríomhluachanna agus iompraíochtaí i gCairt na Rannóige Trádála.

Agus í ag tagairt faoi chomhairliúchán poiblí nó ag dul i mbun rannpháirtíochta leis an bpobal, ní mór don Roinn a bheith an-chúramach go mbíonn na cumarsáidí agus na rannpháirtíochtaí uile go hiomlán cuimsithe agus inrochtana ag cách.

### Bearnaí a sainaitníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

D'fhéadfaí go gcuirfí srian ar inrochtaineacht agus soláthar seirbhísí ag imeachtaí, amhail fuaim/teanga chomharthaíochta, mar gheall ar thoilleadh nó suíomh an ionaid. Faoi láthair, tá sé de dhualgas ar dhaoine a bhfuair cuireadh sonraí a sholáthar maidir le riachtanais speisialta.

### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

Leanúint le cinntiú go mbíonn imeachtaí a n-eagraítear, idir pearsanta agus fíorúil, go hiomlán inrochtana agus go mbíonn rochtain iomlán ar na hionaid. Cuid a chur ar fáil go soiléir le linn cláráithe chun rannpháirtithe a chur ar a gcumas eolas a sholáthar faoi aon riachtanais speisialta a d'fhéadfaí go mbeadh acu.

Leanúint le cinntiú go mbíonn eolas inrochtana ag cách, lena n-áirítear Béarla a simplí a úsáid agus é a chur ar fáil i nGaeilge de réir mar is gá.

## 5.14 An tAonad Rialála Trádála agus Scagtha Infheistíochta

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Cuimsítear dhá réimse ar leith le hobair an aonaid: freagracht as a bheith ag feidhmiú mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta le haghaidh Rialuithe Onnmhairithe agus mar an Pointe Teagmhála Náisiúnta le haghaidh Scagadh Infheistíochta.

Cuireann Aonad na Foirne Rialála Trádála bearta AE agus náisiúnta i bhfeidhm chun cosc a chur ar Iomadú Arm Ollscriosta; chun tacú le cobhsaíocht réigiúnach; agus chun cearta daonna a chosaint.

Is é an phríomhfhreagracht atá ar an bhFoireann Scagtha Infheistíochta forbairt agus cur i bhfeidhm an Achta um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023, lena mbunaítear meicníocht scagtha in Éirinn.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Bíonn an t-aonad ag plé le heaspórtálaithe atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar cheadúnais maidir le hearraí agus seirbhísí rialaithe a easpórtáil chomh maith le haighneacht fógraí ag páirtithe de chuid Infheistíochta Dhíri atá faoi scáth na bhforálacha den Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023. Éascaítear an dá ní sin trí thairsí ar líne ar leith.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

Tar éis chur chun feidhme an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2023 i mí Lúnasa 2024, seoladh tairseach ar líne nua le haghaidh easpórtálaithe. Rinneadh tástáil iomláine maidir le hinrochtana ar an tairseach roimh an seoladh, lena cinneadh go bhfuil gach úsáideoir in ann dul i mbun rannpháirtíochta leis an tairseach.

Cuireadh an tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023 i mí Eanáir 2025 agus seoladh tairseach ar líne chun aighneachtaí fógra a éascú. Rinneadh tástáil iomláine maidir le hinrochtana ar an tairseach seo roimh an seoladh freisin.

Caomhnaítear seoltaí ríomhphoist tiomanta freisin, lena gcuirtear tacaíocht thráthúil agus freagraí tráthúla ar cheisteanna ar fáil maidir leis an dá réimse oibre.

### Bearnaí a sainaitníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh

N/B

### Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

N/B



## 5.15 An Coimisiún um Chaidrimh san Áit Oibre

### Cur Síos Gairid ar an Obair

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an CCÁO:

- feabhas ar chaidrimh san áit oibre a chur chun cinn, agus caidrimh mhaithe san áit oibre a chaomhnú tríd a Sheirbhís Chomhréiteach, Éascaithe agus Eadrána; comhlíonadh le reachtaíocht fostaíochta ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh;
- breith a thabhairt ar ghearáin chéad chéime a chuirtear faoi bhráid an CCÁO;
- treoir a sholáthar maidir le comhlíonadh na gCód Cleachtais;
- athbhreithnithe a chur i gcrích ar fhorbairtí i gcaidrimh san áit oibre go ginearálta, agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- taighde ábhartha a chur i gcrích nó a choimisiúnú agus comhairle, eolas agus torthaí taighde a chur ar fáil don Chomhchoiste Oibreachais agus Comhchoistí Tionsclaíocha;
- comhairle a thabhairt don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le reachtaíocht ábhartha a chur i bhfeidhm, agus lena comhlíonadh
- eolas a sholáthar don phobal maidir le reachtaíocht fostaíochta (seachas an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta).

Sanntar freagracht as caidrimh tionsclaíocha agus fostaíochta a chur chun cinn agus a fheabhsú go ginearálta don CCÁO leis an reachtaíocht freisin.

Faoin gcreat seo, áirítear le croí-sheirbhísí an Choimisiúin eadráin, comhréiteach, éascú agus seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil, breith a dhéanamh ar ghearáin agus ar aighnis, monatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta chun comhlíonadh agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta cearta fostaíochta a chinntiú, eolas a sholáthar, agus ceadúnais maidir le gníomhaireacht fostaíochta agus daoine óga a chosaint (fostaíocht) a phróiseáil.

### Achoimre ghairid ar réimsí oibre ina bhféadfaí go mbeadh gá le ceisteanna Cearta Daonna agus Comhionannais a chur san áireamh

Téann baill foirne an CCÁO i mbun rannpháirtíochta le bonn custaiméirí éagsúil maidir le seirbhísí an CCÁO a sholáthar trí ghuthán agus ríomhphost, chomh maith le hiniúchtaí ar áiteanna oibre, le linn eadrána agus comhréitithe agus trí Éisteachtaí Breithe.

### Bearta atá i bhfeidhm le cinntiú go gcomhlíontar Dualgas na hEarnála Poiblí

1. Is príomhthosaíocht é spás inrochtana agus cuimsitheach a chruthú do gach duine a mbaianeann úsáid as ár n-oifigí nó a n-oibríonn iontu.

2. Seirbhís ardchaighdeán, inrochtana, dírithe ar chustaiméirí agus sothuigte a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Leagann an Coimisiún béim láidir ar an gceart maidir le nósanna imeachta cothroma, an ceart maidir le príobháideachas, rochtain chomhionann agus cóir comhionann i ngach gné de na seirbhísí a sholáthraítear.

3. Leanann an CCÁO léi lena cuid oibre le cinntiú go gcosnaítear dínit agus leas na mball foirne uile agus go spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa.

4. Rinne an CCÁO infheistíocht i dTairseach Ríomh-Ghearán nua atá inrochtana ar fud gach ardán digiteacha, ó mhóibíl agus táibléad chuig an deasc. Is eispéireas iomasach cuíchóirithe é an Tairseach Ríomh-Ghearán nua chun dlús a chur leis an bpróiseas a

bhaineann le gearáin a chur isteach, chomh maith le háis uaslódaithe doiciméad chun aon doiciméad tábhachtach a bhaineann leis an ngearán a chur isteach.

5. Glacann an CCÁO páirt i gcláir chun páirtithe leasmhara, fostóirí, fostaithe, baill den phobal agus spriocghrúpaí a chur ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil, go háirithe daoine óga agus oibríthe imirceacha.

6. Cuireann an CCÁO raon foilseachán agus beochan ar fáil ar an suíomh gréasáin i 7 dteanga. Tá athbhreithniú ar bun faoi láthair maidir leis an ngá le tuilleadh teangacha.

7. Cuireann an CCÁO Ateangairí ar fáil i gcás inar iomchuí, chun cabhrú le húsáideoirí nach é an Béarla an chéad teanga atá acu rochtain a fháil ar sheirbhís an CCÁO. Sa chás ina iarann duine éigin ar ateangaire le haghaidh éisteachta breithe, eadrána nó chun teagmháil a dhéanamh le Cigire an CCÁO, freagraíonn an CCÁO don iarratas gan aon chostas do na páirtithe.

8. Cuireann an CCÁO ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil le cinntiú gur féidir le daoine a bhfuil lagú éisteachta ort rochtain iomlán a fháil ar a sheirbhísí.

9. Chuir an CCÁO, le cabhair ó Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc FSS, oiliúint SafeTalk ar fáil do bhaill foirne tosaigh ar mhaithe lena bhfeasacht ginearálta agus a scileanna tuisceana a fhorbairt i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Leis seo, cumasaítear baill foirne maidir le glaoiteoirí agus/nó seoltóirí ríomhphost corraithe a d'fhéadfaí go mbeadh siad ag smaoineamh ar fhéinmharú a shainathint agus iad a chur i dteagmháil le hacmhainní garchabhrach.

10. Chuir breis is 85% de bhaill foirne an CCÁO creidiúnú JAM (Fan Nóiméad) i gcrích. Leis an gcárta sin, soláthraítear bealach discréideach do dhaoine a bhfuil deacrachtaí foghlama, uathachas, nó bacainní cumarsáide acu iarraidh ar dhaoine eile "Fan Nóiméad". Tá beagnach 160,000 duine ar fud na hÉireann ag baint úsáide as an gCárta JAM faoi láthair, a bhfuil fáil air i bhfoirm caighdeánach agus mar aip fóin chliste.

11. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais iniúchadh i gcrích ar ár suíomh gréasáin in 2023. Nuashonraigh ár soláthraithe an suíomh gréasáin agus ina dhiaidh sin d'éirigh le hiniúchadh eile a chur i gcrích tar éis nuashonruithe chun rochtain a fheabhsú.

12. Cuirtear áiseanna ar fáil do mháithreacha i mbun cothaithe.

13. Tá fáil ar áiseanna lúibe i seomraí éisteachta an CCÁO chun cabhrú leo siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu.

14. Printéir Braille a fháil chomh maith le seirbhísí tras-scríofa Braille le cinntiú gur féidir le húsáideoirí a bhfuil lagú radhairc orthu dul i mbun rannpháirtíochta iomláine lenár seirbhísí.

15. Cuireadh oibreacha fisiciúla aisfheistithe i gcrích le go mbeadh ár n-áiseanna leithris inrochtana agus rinneadh infheistíocht ar chorr céime ag an mbealach isteach dár n-oifigí ag Teach Lansdún le haghaidh úsáideoirí a bhfuil lagú radhairc orthu.

16. Rannpháirtíocht sa Choiste Comhairliúcháin Mhíchumais agus maidir le Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe na Roinne a fhorbairt.

17. Oifigeach Rochtana a cheapadh

18. Clár na hIdirbhliana a chur i bhfeidhm.

### **Bearnaí a sainaitníodh maidir leis an dualgas a chomhlíonadh**

- Rannpháirtíocht leanúnach le húsáideoirí leis an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus feabhas a chur ar sheirbhísí a shainaithint.
- Tá gá le foilseacháin agus beochan i dtuilleadh teangacha.
- Rannpháirtíocht i dtuilleadh clár for-rochtana maidir le grúpaí a d'fhéadfaí nach mbeadh cur amach acu ar na seirbhísí a chuireann an CCÁO ar fáil.
- Coinneáil ar an eolas maidir le teicneolaíocht lena gcuirtear rochtain mhéadaithe ar fáil.
- Tá soláthar 'Seomra Ciúin' idir lámha faoi láthair chun spás tiomanta a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse an CCÁO chun sos a ghlacadh ó thorann agus spreagadh an imeachta a bhfuil páirt á glacadh acu ann. Is féidir an seomra ciúin seo a úsáid le haghaidh urnaí, sosa, nó dóibh siúd a bhfuil riochtaí néara-éagsúlachta acu, nó atá ag dul tríd sos míostraithe, mar aon leo siúd a bhfuil nóiméad ciúnais ag teastáil uathu agus iad an-chorraithe le linn a nÉisteachta nó a gcruinnithe ag an CCÁO.

### **Gníomhartha atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí**

- Oiliúint a chur chun cinn go rialta, leanúint lena chinntiú go mbíonn seirbhísí inrochtana, a bheith níos réamhghníomhaí maidir le dul i mbun rannpháirtíochta leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu. Is féidir leis an gcuid seo gníomhartha a léiriú mar a leagadh amach iad sa straitéis CÉ agus C.
- Bíonn gach beartas inmheánach faoi athbhreithniú i gcónaí ar mhaithe le comhlíonadh le dea-chleachtas sna réimsí sin a chinntiú.
- Leanúint le dul i mbun rannpháirtíochta leis an Údarás Náisiúnta Míchumais maidir lena chinntiú go mbíonn an suíomh gréasáin inrochtana.
- Leanúint le dul i mbun rannpháirtíochta le Grúpaí Abhcóideachta agus teagmháil a dhéanamh leo siúd nach ndearna teagmháil linne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint atá ag teastáil ó bhaill foirne le cinntiú go mbíonn seirbhísí cuimsitheach. Oiliúint acmhainneachta a chur ar fáil do bhaill foirne le cinntiú go dtacaítear leo agus a ndualgais á gcur i gcrích acu.
- Baill foirne a spreagadh chun freastal ar oiliúint agus ar sheisiúin eolais lóin agus foghlama.
- Teicneolaíochta a uasmhéadú chun éifeachtúlacht agus úsáid acmhainní a fheabhsú.
- Leanúint le dul i mbun rannpháirtíochta le OOP le cinntiú go mbíonn ár bhfoirgnimh inrochtana